

Gaelscoil Uí Riada

Roimh 1ú Feabhra 2020

■ Teideal Polasaí Rollacháin *Enrolment Policy*

■ Ráiteas Tosaigh

Introductory Statement

Bunaíodh Gaelscoil Uí Riada i 1984 chun deis a thabhairt do thuismitheoirí bunoidreachas lánGhaelach a fháil dá bpáistí, chun go mbeadh tuiscint faoi leith acu ar a gcultúr féin agus ar a dteanga féin agus go mbeidís dhátheangach. Is scoil chaitliceach, chomhoideachais í, faoi Phátrúnacht Easpag Caitliceach Chorcaí agus Rois. Tá sé mar sprioc againn i nGaelscoil Uí Riada bunoidreachas lánghaelach den chéad scoth a chur ar gach páiste atá faoinár gcúram. Aithnímid a thábhachtaí is atá sé acmhainn iomlán an pháiste a fhorbairt agus é/í a chothú sna gnéithe uile dá s(h)aol ó thaobh forbairt pearsanta, acadúlachta, sóisialta, spioradálta, morálta, fisiciúil agus mothúchánach de.

Gaelscoil Uí Riada was founded in 1984 to give parents the opportunity of an All-Irish Primary Education for their children so as to enable them to develop a unique understanding and appreciation of their own culture and language and to become bilingual. It is a catholic, co-educational school under the patronage of the Catholic Bishop of Cork and Ross. We in Gaelscoil Uí Riada are committed to providing each child in our care with a high quality All-Irish education. We seek to promote the holistic development of each individual child in all personal, cognitive, social, spiritual, moral, physical and emotional areas.

Eolas Ghinearálta

General Information

Tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil Uí Riada ag cur an Polasaí Rollacháin seo le chéile, ag tógaint san áireamh treoirínite an Acht Oideachais 1998. Tá súil ag an mBord go gcabhróidh an polasaí seo le thuismitheoirí i gcúrsaí rollacháin scoile agus beidh Cathaoirleach an Bhoird, Séamus Ó Rinn agus/nó Príomhoide na Scoile, Aindrias Ó Maolanfaidh sásta aon ní ag éirí as an bpolasaí seo a shoiléiriú.

This Policy is compiled by the Board of Management of the school, having regard to the provisions of the Education Act 1998. It is hoped that it will be of benefit to parents wishing to enrol their children in the school. The Chairperson, Séamus Ó Rinn and/or Principal Aindrias Ó Maolanfaidh are happy to clarify any points of the policy.

Ainm na Scoile : Gaelscoil Uí Riada

Seoladh : Béalach an Cháirdinéil, Wilton, Corcaigh

Guthán: 021 – 4342027

Faics: 021 - 4342027

■ Pátrúnacht

Patronage

- Tá Gaelscoil Uí Riada faoi phátrúnacht Easpag Caitlicigh Chorcaí agus Rois agus dá bhrí sin tá étós Caitliceach sa scoil.
Gaelscoil Uí Riada is under the patronage of the Catholic Bishop of Cork and Ross and therefore there is a Catholic ethos in the school.
- Tá cúigear mhúinteoir déag lán-aimsireach sa scoil. Tá deichniúr múinteoirí ranga, ceathrar múinteoir tacaíochta foghlama agus príomhoide riaracháin.
There are fifteen full time teachers. Ten class teachers, four special needs teachers and an administrative principal.
- Tá triúr Cúntóir Riachtanais Speisialta sa scoil ag cabhrú le leanaí ar leith le Riachtanais Oideachais Speisialta.
There are 3 Special Needs Assistants to assist children with specific care needs.
- Múintear gach rang scoile ó Naíonáin Bheaga go dtí Rang VI agus is scoil mheascaithe í.
Children from Junior Infants to Sixth Class are taught in this co-educational school.
- Brathann an scoil ar dheontais agus acmhainní ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus oibríonn an scoil faoi na rialacha atá leagtha síos ag an Roinn. Caithfidh gach polasaí scoile ceann a thógaint de na rialacha sin.
The school exists with the assistance and financial support of the Department of Education and Science and is governed by the rules laid down by the Department.
- Leanann an Scoil Curaclam na Bunscoile faoi mar atá sé eagraithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus d'fheadfaí í a athrú ó am go ham de réir cuid 9 and 30 den Acht Oideachais (1998). Feidhmníonn an scoil chomh maith faoin Acht um Oideachais Leas (Education Welfare Act 2000) agus faoin Acht um Daoine le Riachtanais Oideachais Speisialta (E.P.S.E.N. Act 2004).
The School follows the School Curriculum for Primary Schools laid down by the Department of Education and Science, who may amend the curriculum from time to time under Section 9 and 30 of the Education Act (1998). The school operates also under provisions of the Education Welfare Act (2000) and the E.P.S.E.N. Act (2004).
- Laistigh de na teorainn seo agus í gcomhtheács rialacha na Roinne, cearta an Phátrúin san Acht Oideachais (1998) agus na hacmhainní atá ar fáil, tugann an scoil tacaíocht do na prionsabail a leanas :
- *Within the framework of the Government rules, and that of the Patron, the school supports the following principles for each pupil :*

1. Cuimsitheachas / Inclusiveness

Ní dhéanfar éisceacht do aon leanbh ar mhíchumas ná leanaí le riachtanaisí

oideachais speisialta eile. Beidh ócáidí ann nach mbeidh sé inmholta do leanaí áirithe córas oideachais trí mheán na Gaeilge a leanúint.

No child shall be excluded because of disability or special educational needs. There will be occasions, however, when an all-Irish education for certain children could not be recommended.

2. Ionannanas / Equality

Beidh sé oscailte do gach duine iontráil a lorg agus páirt a ghlacadh i saol na scoile.

The school will be open to everyone to seek enrolment and to play a part in the life of the school.

3. Rogha / Choice

Beidh rogha ag tuismitheoirí a leanaí a chur go dtí an scoil chomh fada agus is féidir.

Parents will have the choice to enrol their children in the school where possible.

4. Meas ar Ilghnéitheacht / Respect for diversity

Taispeánfar meas ar luachanna éagsúla creidimh, traidisiúin, teangacha agus slite beatha difriúla sa sochaí.

Respect is shown to other religions, traditions, languages and lifestyles in our society.

■ Am ar scoil

Time at school

Bíonn an scoil oscailte ar 8.30 a.m. / *School opens at 8.30 a.m.*

Tosnaíonn ranganna ar 8.50 a.m. / *Classes begin at 8.50 a.m.*

Críochnaíonn ranganna ar 2.30 p.m. / *Classes finish at 2.30 p.m.*

- Bíonn ranganna ag Naíonáin Bheaga ó 8.50 a.m. go dtí 12 meán lae don chéad choicís i Mí Mhéan Fómhair. Ina dhiaidh sin fanann siad go dtí 1.30 p.m. don chuid eile den bhliain.
Junior Infants attend from 8.50 a.m. to 12.00 for two weeks and thereafter until 1.30 p.m.
- Críochnaíonn Naíonáin Mhóra ag 12.00 meán-lae don chéad choicís agus go dtí 1.30 p.m. don chuid eile den bhliain.
Senior Infants finish school at 12.00 p.m. for the first two weeks and thereafter at 1.30 pm.
- Bíonn cead ag leanaí fanacht tar éis scoile má tá imeachtaí scoile eagraithe dóibh.
Pupils may remain after school for organised activities.
- Eagraítear cluichí agus traenáil i mBaile an Easpaig. Dé ghnáth leanann sé seo ó 2:45 go 3.45 p.m. de ghnáth
Games and training are organised in Bishopstown GAA from 2:45-3.45 p.m. normally

■ Modhanna Oibre

Methodologies

- 1 (a) Moltar do thuismitheoirí gur mian leo a leanaí a chlárú i rang na Naíonán beag glaoch a chur ar an scoil agus foirm iarratais a chomhlánú chomh luath agus is féidir. Glacann an Rúnaí leis an eolas seo.
Parents seeking to enrol their children in the Junior Infant class are advised to contact the school to complete an application form with the Secretary as soon as possible.

(b) Ní bheidh an ceart ag éinne glacadh leis go mbeidh áit acu sa scoil, fiú má ta foirm iarratais líonta, nó ainm an linbh curtha ar liosta go luath.
The completion of an application form or placement of your child's name on a list, however early, does not confer an automatic right to a place in the school.
2. Beidh roinnt eolais ag teastáil ón scoil nuair a líonann thuismitheoirí an fhoirm iarratais.
Information required includes:
Ainm, aois agus seoladh an linbh. *Name, age, address of the child.*
 - Ainm agus seoladh na dtuismitheoirí/caomhnóirí.
Names(s) and address(s) of parents or guardians
 - Uimhreacha Ghutháin. / *Telephone Numbers.*
 - Uimhreacha Ghutháin i gCás Éigeandála. *Emergency Telephone Numbers*
 - Eolas maidir le sláinte an linbh. *Information about the child's health.*
 - Aon eolas breise (ag tógaint san áireamh aon eolas a bheidh ag teastail faoin Acht um Oideachais Leas 2000).
Any other relevant information.
3. Déanann an scoil teagmháil leis na hiarrthoirí i Mí na Samhna, d'fhonn líon na n- iarrthoirí a chinntiú is chun deis a thabhairt do na thuismitheoirí eolas a lorg.
The school contacts all applicants during November prior to enrolment in order to confirm the exact number of applicants and to give parents any information they require.
4. Ag cur treoirínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, riachtanais foghlama na ndaltaí, an spás sna seomraí, sláinte agus sábháilteacht na ndaltaí san aireamh, socraíonn an Bord Bainistíochta méid an ranga.
Taking into consideration Department of Education guidelines, the educational needs of children and available space in classrooms, the Board of Management determines class size.
5. Sa chás go mbíonn éileamh ró-mhór ar áiteanna, cuirtear na critéir seo a leanas san áireamh agus áiteanna á ndáileadh le hiarracht a dhéanamh cothrom na féinne a thabhairt do gach iarrthóir:
In the event of the number of children seeking enrolment exceeding the number of places available, the following criteria will be used in order to ensure equality of access for all applicants.

■ Critéir Rollacháin

Enrolment Criteria

- (1) Tabharfar tús áite dóibhsan go bhfuil/raibh deartháireacha nó deirfiúracha sa scoil cheana féin (cuirfear an dáta breithe san áireamh- tús áite don duine is sine).
Priority will be given to brothers & sisters of children already or previously enrolled in the school. (Date of birth will be taken into consideration).
- (2) Glacfar le leanaí fhoireann na scoile. *Children of school staff will be accepted.*
- (3) Glacfar le hiarrthóirí ó pharóiste Wilton/cóngarach don scoil.
Applicants resident in Wilton Parish/in close proximity to the school will be accepted.
- (4) Dáta breithe an linbh. *Child's date of birth*

Ina dhiaidh sin cuirfear na sonraí seo a leanas san áireamh.
The following criteria are then taken into account.

- Suim sa Ghaeilge *Interest in the Irish Language.*
- Dáta Cláraithe *Date of Enrolment.*
- Cóimheas idir bhuachaillí/cailíní a choimeád.
The school tries, where possible, to ensure a gender balance within the class.
- Étós na scoile a chaomhniú de réir an Acht um Stádas Comhionann - Cuid 7.
Protection of school ethos in accordance with the Equal Status Act - Section 7.
- D'fhéadfadh an Aire Oideachais iachall a chur ar scoileanna, i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta agus an Patrún comhoibriú maidir le rollacháin i gcásanna áirithe.
The Minister for Education may direct schools to co-operate with other schools in relation to enrolment processes, in consultation with the Board of Management and the Patron.

■ Modhanna Oibre (ar lean)

Methodologies (continued)

Déanfar gach iarracht cothrom na féinne a thabhairt do gach duine.
Every application will be judged according to the above criteria.

- Nuair a dháiltear na háiteanna cuirtear in iúl do na tuismitheoirí i scríbhinn é agus iarrtar orthu an nóta caighdeánach a chasadh ar an scoil roimh an spriocdháta le deimhniú go bhfuilid ag glacadh leis an áit.
The allocation of places is confirmed in writing to all successful applicants. Parents are required to confirm their acceptance in the standard note and return it to the school prior to the designated closing date.
- Déanfar teagmháil leis na hiarrthóirí eile chun a n-ainmneacha a chur ar liosta feithimh. De réir mar a thagann folúntais chun cinn dáilfear na háiteanna orthusan ar an liosta feithimh, ag dul de réir na gcritéir thuasluaite.
A Waiting List will be drawn up. Vacancies arising will be allocated according to this list.

- Eagrófar Oíche Eolais do thuismitheoirí nua i Mí Bealtaine/Meitheamh. Socraítear maidin ar scoil roimh na laethanta saoire do na leanaí nua ag an gcruinniú seo. *An Information Meeting for all new parents is organised in May/June. A morning in school prior to the Summer holidays is also arranged at this meeting for all new pupils.*

Ceart Achomharc

Appeals Procedure

Ag dul le Cuid 29 den Acht Oideachais 1998, má tá cúis ghearáin ag thuismitheoirí i dtaobh rollacháin de, is féidir achomharc a dhéanamh don Bhord Bainistíochta. Caithfidh sé seo a bheith i scríbhinn, seolta chuig Cathaoirleach an Bhoird, ag míniú an cúis ghearáin, agus é a bheith ag an gCathaoirleach laistigh de deich lá ón dáta a fuair siad scéal ón scoil.

In line with Section 29 of the Education Act 1998, parents who are dissatisfied with an enrolment decision may appeal to the Board of Management. This appeal must be addressed, in writing, to the Chairperson of the Board, stating the grounds for the appeal, and lodged within ten days of receiving information from the school regarding enrolment.

■ **Dáta Iontrála**

Entrance date

- Ta an cine déanta ag an mBord Bainistíochta go nglacfaidh an scoil le daltaí Naíonáin Bheaga ar an gcéad lá den scoilbhliain. Ní ghlacfar le daltaí sa rang seo níos déanaí ach i gcásanna éisceachtúla a phléfidh an Bord Bhainistíochta.

The Board of Management has decided that pupils will be enrolled in Junior Infants on the first day of the school year. Children will not be enrolled in this class later, except in exceptional circumstances to be decided at the discretion of the Board.

■ **Leanaí le Riachtanaisí Oideachas Speisialta** **Children with Special Educational Needs.**

- Sna cásanna seo, beidh an Bord ag lorg tuairisc leighis agus/nó tuairisc siceolaíochta agus muna bhfuil a leithéid ar fáil, lorgófar tuairisc gan mhoill. *It is open to the Board, with reference to such applicants to request a copy of the child's medical and/or psychological reports. Where such a report is not available, the Board of Management may request the child be assessed immediately.*
- Déanfaidh an tuairisc soiléiriú ar riachtanaisí an linbh maidir leis an oideachas agus a riachtanaisí agus moltaí maidir le tacaíocht breise. *The purpose of the assessment report is to assist the school in establishing the educational and training needs of the child relevant to his/her disability or special needs and to profile the support services required.*
- Má cheapann an Bord go bhfuil acmhainní breise ag teastáil, déanfaidh siad fiosrúcháin leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, maidir le hacmhainní a chur ar fáil, roimh áit a thabhairt don leanbh. *The Board will assess whatever resources are required and will contact the Department of Education and Science to request that they be provided, before the*

child is enrolled.

- Acmhainní a bheidh ag teastáil, seirbhís múinteoir cuairte, múinteoir acmhainní do riachtanaisí speisialta, cúntóir riachtanaisí speisialta, trealamh nó troscán speisialta, córas taistil srl.

Resources required may include, visiting teacher service, resource teacher for special needs, special needs assistant, specialised equipment or furniture, transport services or others.

- D'fhéadfadh an Aire Oideachais iachall a chur ar scoil Rang Speisialta a oscailte le treoir ón C.N.O.S. agus I gcomhairle leis an mBord Bainistíochta agus an Patrún.

The Minister for Education may direct a school to open a Special Class where a need has been identified by the National Council for Special Education, and in consultation with the Board of Management and the Patron.

- Buailfidh an Príomhoide agus Múinteoir(i) leis na tuismitheoirí féachaint an mbeadh an scoil oiriúnach nó in ann na riachtanais a chur ar fáil. Más gá, eagrófar comhdháil le tuismitheoirí, príomhoide, múinteoir ranga, múinteoir tacaíochta foghlama, múinteoir acmhainne agus siceolaí nó pléifear tuairisc siceolaíochta má tá a leithéid ar fáil.

The school principal, class teacher and/or support teachers will meet the parents to discuss the school's suitability for the child and/or the school's ability to cater for the child's needs. If necessary, a full meeting with parents, principal, class teacher, learning support teacher, resource teacher and psychologist (if available) will be held.

■ Leanaí ag aistriú

- Ní chláraítear daltaí i ranganna eile ach amháin daltaí ó scoileanna lánGhaelacha eile agus ansin sa chás go bhfuil spás sa rang cuí dóibh. I gcásann eisceachtúla go mbíonn an-tacaíocht go deo don Ghaeilge ag na páistí sa bhaile, d'fheadfaí glacadh le dalta. Seo toisc an difríocht mhór atá idir an córas tumnach sa scoil agus córas na ngnáthscoileanna.

No pupils will be enrolled in other classes except those transferring from other Gaelscoileanna, and only if there is room in the class for them. In exceptional circumstances, children from other schools may be enrolled if there is strong support for Gaeilge in the home. This is due to the difference in emphasis between the immersion system sa Ghaelscoil and the system in other schools.

- Caithfear ceann a thógaint do na dualgaisí sa Acht um Oideachais Leas 2000 agus daltaí ó scoileanna eile á chlarú.
The school adheres to the provision of the Education Welfare Act 2000 when enrolling new pupils.
- Tá Cód Riailbhéasa agus Smachta na Scoile ag dul leis an bpolasaí seo.
The school's Code of Behaviour and Discipline is attached to this policy.

■ Athbreithniú.

Déanfar athbreithniú ar an bpolasaí seo go bliantiúil, nó chun athraithe a dhéanamh de réir dlí.

The policy will be reviewed annually, or to comply with legal requirements.

Athbhreithniú : Eanáir 2019. Treoir ón bPátrún.